# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Gnáthleibhéal

# ARDTEISTIMÉIREACHT

# GNÁTHLEIBHÉAL

# SPÁINNIS 2012

## AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 272 - 320 |
| B: | 224 - 271 |
| C: | 176 - 223 |
| D: | 128 - 175 |
| E: | 80 - 127 |
| F: | 32 - 79 |
| N.G.: | 0 - 31 |

**Socruithe Réasúnta: Tabhair ar aird le do thoil na leasuithe ar an Scéim Mharcála i Roinn B, Ceist 2 (a) agus (b), inar deonaíodh tarscaoileadh ar dhaltaí maidir le litriú nó inar deonaíodh agus baineadh úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó as ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh litriú de.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
**Agus an scéim mharcála seo á leamh agat, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:**

Léiríonn an carachtar **tulslaise /** roimh fhreagra gur ionann an chiall atá ag an bhfreagra leis an ábhar atá imithe roimhe nó is rogha freagra eile atá ann. Mar sin ní féidir glacadh le freagraí a bhíonn deighilte ag an gcarachtar tulslaise mar fhreagraí éagsúla.

Léiríonn **dais –** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí bailí eile.*
- *Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

| Freagairt trí Ghaeilge: Bónas<br>Gnáthráta: 5% den Iomlán | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Marc | Bónas | Marc | Bónas | Marc | Bónas |
| 241-246 | 11 | 274 - 280 | 6 | 307 - 313 | 1 |
| 247 - 253 | 10 | 281 - 286 | 5 | 314 - 320 | 0 |
| 254 - 260 | 9 | 287 - 293 | 4 | | |
| 261 - 266 | 8 | 294 - 300 | 3 | | |
| 267 - 273 | 7 | 301 - 306 | 2 | | |

**1. Anuncio – El Camino de Santiago**

**6 + 6 mharc = 12 mharc**

a. In iarthuaisceart na Spáinne. **(6 mharc)**

b. 22 **(6 mharc)**

c. Siúl chun na hoibre **(6 mharc)**

[De bharr earráid cló i gceist 1 - an focal iomarcach "sos" idir cuid (b) agus cuid (c) agus an mearbhall a d'fhéadfaí a bheith ar an iarrthóir, marcáil gach cuid as 6 mharc agus glac leis an dá scór is airde].

**2. Diálogo – Jornadas de orientación en la universidad de Navarra**

**4 + 4 + (2+2) mharc = 12 mharc**

a. Pamplona **(4 mharc)**

b. Do dhaltaí meánscoile **(4 mharc)**

c. (1) Ranganna teoirice (ii) Ranganna praiticiúla. **(2 + 2 mharc)**

**3. Diálogo – Entrevista con Elena Rosell, corredora de motociclismo**

**4 + 4 + 4 + 4 mharc = 16 mharc**

**a.** Valencia **(4 mharc)**

b. Nuair a bhí sí 6 bliana d'aois. **(4 mharc)**

c. Gur ionadaí do gach cailín Spáinneach agus do gach bean spóirt í. **(4 mharc)**

d. **Ceann** díobh seo: Ní rud nua di é/ féadann mná dul in iomaíocht ar bhonn cothrom. **(4 mharc)**

**4. Descriptivo – Vacaciones y las mascotas**

**(2 + 2) + 4 + 4 mharc =12 mharc**

a. **Dhá cheann** díobh seo: A pheata a thabhairt leis / a pheata a fhágáil le duine eile/ a pheata a thabhairt chuig teach cónaithe ainmhithe/ cúramóir gairmiúil a fhostú. **(2 + 2 mharc)**

b. Na Stáit Aontaithe **(4 mharc)**

c. **Ceann** díobh seo: Téann chuig teach an úinéara cúpla uair sa lá/ tugann bia don pheata/ tugann an peata ag siúl/ bíonn ag súgradh leis an bpeata. **(4 mharc)**

**5. Descriptivo – Los productos falsificados**

**4 + 4 + (4 + 4) mharc = 16 mharc**

a. An Margadh Dubh. **(4 mharc)**

b. 39 euro. **(4 mharc)**

c. **Dhá** cheann díobh seo: Éadaí/ earraí oifige/ cosmaidí/ cumhráin/ bróga spóirt. **(4 + 4 mharc)**

**6. El tiempo**

**4 + (4 + 4) + 4 mharc = 16 mharc**

a. Scamallach le báisteach éadrom **(4 mharc)**

b. Is airde: 15 chéim Is ísle: 7 gcéim **(4 + 4 mharc)**

c. **Ceann** díobh seo: Dea-aimsir / spéir ghlan / beagnach ag teochtaí an tsamhraidh. **(4 mharc)**

**7. Una Noticia – Robos en casas de Madrid**

**(2+2) + 4 + 4 + (2+2) mharc = 16 mharc**

a. Robáil le foréigean. **(4 mharc)**

b. Garraíodóirí agus Bríceadóirí **(4 mharc)**

c. Cóngarach don doras. **(4 mharc)**

d. **Dhá cheann** díobh seo: taisceadán/ seoda/ airgead/ fearais leictreacha. **(2 + 2 mharc)**

**12 + 12 + 16 + 12 + 16+ 16 + 16 = 100 marc**

## ROINN A (100 marc)

### 1 Justin Bieber cantante extraordinario (50 marc)

Caithfear na freagraí uile a scríobh **sa Spáinnis.**

Is féir glacadh le hathscríobh (**ábhartha** agus laistigh de theorainneacha réasúnta).

Ní thástáiltear ionramháil teanga.

Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. *Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl siad riachtanach do fhreagra ceart.* Bainfear marc de dheasca focail bhreise neamhábhartha. *Léiríonn tulslais rogha freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.* Bronn 5 nó 0 marc ach amháin má luaitear a mhalairt.

| | | |
|---|---|---|
| (a) | El hockey/el fútbol/el ajedrez | **(3+2 mharc)** |
| (b) | Michael Jackson | **(5 mharc)** |
| (c) | (Decidió) publicar un video de él en Youtube | **(5 mharc)** |
| (d) | (De) amor | **(5 mharc)** |
| (e) | Un ángel | **(5 mharc)** |
| (f) | (no les gusta la idea de) que Justin se haya enamorado | **(5 mharc)** |
| (g) | Monterrey en Mexico | **(5 mharc)** |
| (h) | Ha perdido su acento canadiense y tiene tatuajes en el cuerpo | **(5+5 mharc)** |
| (i) | Los jóvenes y la gente adulta | **(3+2 mharc)** |

### 2 Aparcó el coche y tardó dos años en encontrarlo (25 marc)

| | | |
|---|---|---|
| (a) | 80 ochtó bliain d'aois | **(5 mharc)** |
| (b) | Chuaigh sé ag siopadóireacht/chuaigh sé chuig lár na cathrach | **(5 mharc)** |
| (c) | Níor chuimhin leis cén áit ar fhág sé a charr. | **(5 mharc)** |
| (d) | (A) cheadúnas tiomána. | **(5 mharc)** |
| (e) | Bhí sé róshean le tiomáint. | **(5 mharc)** |

## 3 Un Atraco (20 marc)

(a) (Pas beag roimh) mheán lae **(5 mharc)**

(b) Chaith siad maisc/ bhí a n-aghaidh clúdaithe/ Bhí siad faoi arm/le sceana/ níorbh fhéidir iad a aithint **(3+2 mharc)**

(c) Bhris sé gloine an cháis/Ghoid sé uaireadóirí agus seoda luachmhara. **(5 mharc)**

(d) Bhí orthu fanacht leis an gcéad traein eile. **(5 mharc)**

## 4 El perro más rico del mundo (25 marc)

(a) Dhá mhilliún dollar. **(5 mharc)**

(b) In óstán (sómasach) in Cancún. **(5 mharc)**

(c) (i) bia (ii) slándáil. **(3+2 mharc)**

(d) (i) Le hairgead a mháthar a aisghabháil.

(ii) Le stop a chur ar an oiread sin airgid á chaitheamh ar pheata. **(3+2 mharc)**

(e) Bhí sé gealtach ar fad. **(5 mharc)**

## 5 Ancianos de 85 y 90 años se casan (40 marc)

(a) Le dul ag pósadh. **(5 mharc)**

(b) **Dhá cheann** díobh seo: chuaigh siad ag spaisteoireacht/ d'éist siad le ceol/ chuaigh siad ag damhsa. **(5+5 mharc)**

(c) Chuaigh siad ann ar mhí na meala. **(5 mharc)**

(d) Leis na sléibhte a thaiscéaladh. **(5 mharc)**

(e) Tá plúchadh air/éiríonn sé tuirseach go tapa. **(3+2 mharc)**

(f) Ag siúl ar maidin agus gloine fíona tráthnóna. **(5 + 5 mharc)**

# ROINN B (60 marc)

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:
**1. LITIR/R-PHOST** agus **ceann amháin de** 2.(a) **TEACHTAIREACHT nó** 2 (b) **IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C. 1. LITIR:** **40 marc**

Tá **cúig** 'theachtaireacht' le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **8** marc do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh ar gach teachtaireacht.)

**8 marc x 5 = 40 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go soiléir: | **8 marc** |
| Cur in iúl sásúil: | **6 mharc** |
| Cur in iúl dóthanach: | **5 mharc** |
| Tá an teachtaireacht sothuigthe/roinnt mionsonraí in easnamh: | **4 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

**C.2.(a) TEACHTAIREACHT C.2.(b) IONTRÁIL DIALAINNE 20 Marc**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** 'theachtaireacht' le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **5** mharc do gach ceann díobh.
(Is féidir 0 go 5 mharc a bhronnadh ar gach 'teachtaireacht'.)

**5 mharc x 4 = 20 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán: | **5 mharc** |
| 'Éirim' na teachtaireachta soiléir | **4 mharc** |
| Cuid den teachtaireacht sothuigthe | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

## Aguisín a hAon

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm le hobair arna cur isteach ag iarrthóirí ar deonaíodh ceann amháin de na socruithe seo a leanas dóibh, nó meascán de níos mó ná ceann amháin díobh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta foghlama.*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta coirp.*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.*
- *Úsáid próiseálaí focal ar fhorais* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air / agus an seiceálaí seo ar siúl).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrfar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

## Roinn B Cumadóireacht Scríofa

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.

Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu trí shamhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.